Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 5 Nollaig 2017**
**(OR. en)**

**15435/17**

**TRANS 543**
**MAR 231**
**EU-GNSS 38**
**AVIATION 181**
**ESPACE 61**
**RELEX 1081**

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 15030/17 |
| Ábhar: | Conclúidí ón gComhairle maidir leis "An measúnú meántéarmach ar chlár Galileo agus ar chlár EGNOS agus ar fheidhmíocht na Gníomhaireachta Eorpaí GNSS"<br>– Conclúidí ón gComhairle (a glacadh an 5 Nollaig 2017) |

Gheobhaidh na toscaireachtaí san Iarscríbhinn na conclúidí ón gComhairle maidir leis "An measúnú meántéarmach ar chlár Galileo agus ar chlár EGNOS agus ar fheidhmíocht na Gníomhaireachta Eorpaí GNSS" a ghlac an Chomhairle ag an 3581ú cruinniú dá cuid a tionóladh ar an 5 Nollaig 2017

## CONCLÚIDÍ ÓN gCOMHAIRLE

**maidir leis "An measúnú meántéarmach ar chlár Galileo agus ar chlár EGNOS agus ar fheidhmíocht na Gníomhaireachta Eorpaí GNSS"**

FÓGRAÍONN COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH AN MÉID A LEANAS,

AG MEABHRÚ DI:

– Na conclúidí ón gComhairle Eorpach i mí Dheireadh Fómhair 2017 ina gcuirtear béim ar a thábhachtaí atá sé Eoraip Dhigiteach a mbeidh rath uirthi a fhorbairt[1];

– Na Conclúidí ón gComhairle an 31 Márta 2011 maidir le "Tuarascáil an Choimisiúin chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle maidir leis an athbhreithniú meántéarmach ar chláir Eorpacha um radaloingseoireacht satailíte; maidir le "Beartas AE don Tionscal Spáis - Leas a bhaint as an bhfás eacnamaíoch in earnáil an spáis" i mBealtaine 2013[2]; maidir le "Taca a chur faoi athbheochan Eorpach an spáis: treoshuímh agus dúshláin amach anseo" i mí na Nollag 2014[3]; maidir le 'Straitéis Dhomhanda an Aontais Eorpaigh maidir leis an mBeartas Eachtrach agus Slándála' i nDeireadh Fómhair 2016[4], agus maidir le "Straitéis spáis don Eoraip" i mBealtaine 2017[5];

– Teachtaireacht ón gCoimisiún Eorpach maidir le Straitéis spáis don Eoraip[6] agus an comhráiteas maidir le fís choiteann agus cuspóirí coiteanna do thodhchaí na hEorpa sa spás[7], arna síniú ag an gCoimisiún ar an 26 Deireadh Fómhair 2016 thar ceann an Aontais agus ag Gníomhaireacht Spáis na hEorpa;

1 EUCO 14/17.
2 10295/13.
3 16502/14.
4 13202/16.
5 9817/17.
6 13758/16.
7 12808/1/16 REV 1.

– Rialachán (AE) Uimh. 1285/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2013 maidir le cur chun feidhme agus saothrú córas Eorpach um loingseoireacht satailíte agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 876/2002 ón gComhairle agus Rialachán (CE) Uimh. 683/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[8].

***Réamhrá***

1. IS DÍOL SÁSAIMH DI an tuarascáil ón gCoimisiún maidir le "Measúnú meántéarmach ar chlár Galileo agus ar chlár EGNOS agus ar fheidhmíocht na Gníomhaireachta Eorpaí GNSS", CUIREANN SÍ IN IÚL an dul chun cinn atá bainte amach i gcur chun feidhme chláir Galileo agus EGNOS, lena n-áirítear seirbhísí tosaigh Galileo don tseirbhís oscailte (OS), an tseirbhís phoiblí rialáilte (PRS) agus an rannchuidiú le cuardach agus tarrtháil (SAR) atá á thabhairt do COSPAS-SARSAT go domhanda; TUGANN SÍ DÁ hAIRE go gcuirtear seirbhísí EGNOS ar fáil d'úsáideoirí deiridh san Eoraip le hardleibhéal cobhsaíochta agus feidhmíochta;

2. CUIREANN SÍ IN IÚL go bhfuil tábhacht straitéiseach ag baint leis na córais Eorpacha um loingseoireacht satailíte do neamhspleáchas an Aontais i dtaca le seirbhísí loingseoireachta satailíte, seirbhísí suite agus seirbhísí uainíochta; Agus AITHNÍONN SÍ ag an am céanna gur gá idir-inoibritheacht a choinneáil le GNSS eile;

3. CUIREANN SÍ I dTREIS gur cheart do Galileo agus EGNOS a bheith ina gcláir shibhialta faoi stiúir na n-úsáideoirí agus faoi rialú agus smacht sibhialta i gcónaí;

4. CUIREANN SÍ I dTREIS gur príomhtheicneolaíochtaí iad Galileo agus EGNOS lena dtugtar bonn daingean ionas gur féidir margadh láidir agus nuálach a fhorbairt san Aontas féin d'fheidhmchláir iartheachtacha agus lena dtugtar rannchuidiú tábhachtach don fhás socheacnamaíoch, fad a thugtar aghaidh ar dhúshláin pholaitiúla dhomhanda freisin.

---

8 IO L 347, 20.12.2013, lch. 1–24.

*Na sochair shocheacnamaíocha a uasmhéadú*

5. IS DÍOL BÉIME AICI gur den ríthábhacht an úsáid fhorleathan a bhaintear as an gcomhartha Galileo chun margadh iartheachtach láidir a fhorbairt d'fheidhmchláir agus do sheirbhísí spásbhunaithe, agus CUIREANN SÍ IN IÚL gur cheart bearta leordhóthanacha a ghlacadh, lena n-áirítear, i gcás inarb iomchuí, bearta rialaitheacha, d'fhonn an lán-chomhoiriúnacht le Galileo agus le EGNOS a bhaint amach mar chaighdeán le haghaidh feistí a dhíoltar san Aontas, agus chun go spreagfar úsáid feistí Galileo-thinneallach agus EGNOS-thinneallach ar an margadh domhanda;

6. IARRANN SÍ ar an gCoimisiún, i ndlúthchomhar leis na Ballstáit, le GSA, agus le pobail úsáideoirí, feachtas cuimsitheach cruthaithe feasachta agus bearta forbartha acmhainní a fhorbairt agus a chur chun feidhme a dhíríonn orthu siúd a bhaineann úsáid as an spás agus orthu siúd nach n-úsáideann, agus a marana a dhéanamh ar bhearta lena neartófaí iomaíochas thionscal iartheachtach GNSS na hEorpa, d'fhonn an úsáid is fearr agus is forleithne a bhaint as na seirbhísí loingseoireachta satailíte agus chun leas iomlán a bhaint as na sochair a leanann astu;

7. IARRANN SÍ ar an gCoimisiún sineirgí féideartha idir Galileo agus EGNOS agus cláir eile de chuid an Aontais a scrúdú chun úsáid seirbhísí loingseoireachta satailíte a leathadh agus chun dlús a chur leis an éileamh ar sheirbhísí agus feidhmchláir thráchtála i gcás feidhmchláir chomhtháite, go háirithe le Copernicus;

8. TACAÍONN SÍ le tiomantas an Choimisiúin leanúint leis an gcomhar le comhpháirtithe idirnáisiúnta maidir le comhoiriúnacht agus idir-inoibritheacht na gcóras, agus úsáid seirbhísí agus feidhmchlár Galileo a chur chun cinn i margaí atá ag teacht chun cinn, amhail san Áise agus i Meiriceá Theas; LEAGANN SÍ BÉIM ar a ábhartha atá sé tacú le glacadh agus úsáid theicneolaíocht agus seirbhísí EGNOS lasmuigh den Aontas, go háirithe san Afraic; CUIREANN SÍ IN IÚL nár cheart aon síneadh a chuirfear le clúdach geografach EGNOS, lasmuigh de chríoch an Aontais, a chumhdach le buiséad an Aontais do Galileo agus EGNOS agus nár cheart d'aon síneadh cur chun feidhme chuspóirí an chláir san Aontas a chur i mbaol.

*Cur chun feidhme agus teacht chun cinn na gclár*

9. AITHNÍONN SÍ an dul chun cinn suntasach a rinneadh i struchtúr spáis Galileo a imscaradh agus IARRANN SÍ go ndéanfaí na satailítí atá fós ann a thabhairt chun críche agus a sheoladh gan mhoill agus sinn ag brath ar lainseálaithe Eorpacha mar ábhar tosaíochta;

10. LEAGANN SÍ BÉIM ar an ngá atá leis an gcibearshlándáil a áirithiú do Galileo ionas go gcinnteofar freagairt leordhóthanach ar chibearbhagairtí agus ullmhacht leordhóthanach ina leith, i gcomhréir leis na hacmhainní atá ar fáil agus a thugtar don tosaíocht sin; TÁ SÚIL AICI go ndéanfar slándáil bhonneagar Galileo, lena n-áirítear an deighleog talaimh, a fhorbairt a thuilleadh;

11. CUIREANN SÍ I dTREIS a thábhachtaí atá sé ullmhú don chéad ghlúin eile de bhonneagar agus de sheirbhísí Galileo agus EGNOS i gcomhréir le riachtanais shíorathraitheacha na n-úsáideoirí san earnáil phoiblí agus san earnáil phríobháideach araon agus, ar mhaithe le huasmhéadú a dhéanamh ar fhorbairt na bhfeidhmchlár nua, gan leanúnachas na seirbhísí oibríochtúla a chuirtear ar fáil do na cláir a chur i mbaol, agus sin a bheith gan dochar don chéad CAI eile.

*Rialachas*

12. TUGANN SÍ DÁ hAIRE an dul chun cinn atá déanta i dtaca leis an múnla rialachais a bunaíodh le Rialachán GNSS a chur chun feidhme agus IS DÍOL SÁSAIMH DI gur chinntigh rialachas poiblí na gclár go raibh aistriú réidh ann ó chéim imscartha go céim saothraithe chlár Galileo; LEAGANN SÍ BÉIM ar an ngá atá le tuilleadh optamaithe, lena n-áirítear costais oibriúcháin agus bhainistíochta, agus céim oibríochtúil na gclár á bainistiú;

13. CUIREANN SÍ BÉIM ar shaineolas GSA; CUIREANN SÍ IN IÚL go bhfuil sé riachtanach, d'fhonn an múnla rialachais ar cuireadh tús leis in 2014 a optamú a thuilleadh agus chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin a bhaineann le céim oibríochtúil chlár Galileo, go mbeadh GSA freagrach go hiomlán as na cúraimí a bhaineann le bainistiú an chláir agus as oibríochtaí chláir Galileo agus EGNOS, lena n-áirítear neamhspleáchas na ngníomhaíochtaí creidiúnaithe slándála, agus IARRANN SÍ go nglacfaí bearta rialála agus go ndéanfaí acmhainní leordhóthanacha airgeadais a leithdháileadh chuige sin, le béim ar leith ar theacht ar réiteach inbhuanaithe lena áirithiú gur leor acmhainní daonna GSA do na freagrachtaí atá air;

14. CUIREANN SÍ IN IÚL gurb é an príomhchuspóir cobhsaíocht an chláir, deimhneacht dhlíthiúil agus creidiúnacht an Aontais a chaomhnú i ndáil le soláthar pras PRS agus leis an gcaibidlíocht atá ar bun i gcónaí le tríú tíortha maidir lena rochtain ar PRS; CUIREANN SÍ IN IÚL gur gá, i gcomhréir iomlán leis na cuspóirí thuasluaite, rialachas slándála na gclár Galileo agus EGNOS, lena n-áirítear an creat rialála agus na caighdeáin a bhaineann le PRS i gcomhréir le hAirteagal 13 de Chinneadh Uimh. 1104/2011/AE agus le hAirteagal 18 den Chinneadh Tarmligthe ón gCoimisiún lena bhforlíontar an cinneadh sin, a optamú a thuilleadh trí phróiseas struchtúraithe, d'fhonn comhleanúnachas leis an gcomhthéacs slándála athraitheach a áirithiú; LEAGANN SÍ BÉIM ar an ngá atá ann leanúint d'fheabhas a chur ar na róil agus na freagrachtaí a bhíonn ag eintitis a chuireann na ceanglais slándála chun feidhme agus a dhéanann iad a fhíorú, agus neamhspleáchas an Bhoird Creidiúna Slándála (SAB) a áirithiú;

15. MEABHRAÍONN SÍ go dtacaíonn sí le spleáchas leanúnach an Choimisiúin agus na mBallstát, de réir mar is iomchuí, ar shaineolas teicniúil Ghníomhaireacht Spáis na hEorpa, chomh maith le saineolas teicniúil Ghníomhaireachtaí náisiúnta spáis na hEorpa agus eintitis náisiúnta Eorpacha eile atá i gceannas ar an spás;

*Conclúid*

16. MEABHRAÍONN SÍ go bhfuil an tAontas tiomanta d'acmhainn iomlán oibríochtúil a bhaint amach agus a chur ar fáil do Galileo faoin mbliain 2020;

17. CUIREANN SÍ BÉIM ar thábhacht Galileo agus EGNOS d'fhonn neamhspleáchas straitéiseach na hEorpa a áirithiú i réimse na loingseoireachta satailíte agus ag an am céanna earnáil spáis Eorpach a chothú a bheidh iomaíoch ar fud an domhain agus lena gcuirfear deiseanna gnó ar fáil do thionscal iartheachtach na hEorpa; IARRANN SÍ ar an gCoimisiún neamhspleáchas a chur chun cinn maidir le príomh-theicneolaíochtaí do bhonneagar spáis agus talaimh Galileo;

18. ATHDHEARBHAÍONN SÍ go mbeidh leanúnachas an bhonneagair agus inbhuanaitheacht na seirbhísí ina mbonn ríthábhachtach do rath fadtéarmach Galileo agus EGNOS; CUIREANN SÍ I dTREIS gur gá acmhainní leordhóthanacha a áirithiú d'fhonn leas iomlán a bhaint as acmhainneacht na gclár sin agus d'fhonn timpeallacht dhearfach agus intuartha infheistíochta a chruthú san earnáil iartheachtach, gan dochar don chéad chreat airgeadais ilbhliantúil (CAI) eile;

19. MOLANN SÍ do GSA dlús a chur, i ndlúthchomhar leis an gCoimisiún, le cur chun cinn agus le margaíocht sheirbhísí Galileo agus EGNOS trí na deiseanna le haghaidh saothrú tráchtálach iartheachtach a uasmhéadú agus trí chomhtháthú níos fearr a áirithiú le seirbhísí eile, lena n-áirítear seirbhísí airgeadais, córais chliste iompair agus gnáthchórais loingseoireachta, ach gan a bheith teoranta dóibh siúd amháin;

20. ATHDHEARBHAÍONN SÍ gur den ríthábhacht go mbainfeadh críocha uile na mBallstát san Eoraip tairbhe as clúdach iomlán na seirbhísí EGNOS agus, sa chomhthéacs sin, TATHANTAÍONN SÍ ar an gCoimisiún teacht ar chlúdach iomlán na seirbhísí EGNOS i gcríocha uile na mBallstát a luaithe is féidir agus faoi 2025 ar a dhéanaí; CUIREANN SÍ IN IÚL go bhfuil seirbhís 'sábháilteacht bheatha' EGNOS riachtanach d'fhonn ceanglais ICAO a chomhlíonadh; IARRANN SÍ go leithdháilfí acmhainní leordhóthanacha airgeadais chun na críche sin;

21. CUIREANN SÍ IN IÚL na dúshláin a bhaineann le céim oibríochtúil na gclár agus a riachtanaí atá sé athruithe a ghlacadh, de réir a chéile, sna struchtúir rialachais d'fhonn foráil a dhéanamh do bhainistiú níos éifeachtaí na gclár agus próiseas cinnteoireachta níos gasta agus níos trédhearcaí a éascú ag an am céanna; IARRANN SÍ go ndéanfaí róil agus freagrachtaí na ngníomhaithe ábhartha a phríomhshruthú;

22. IARRANN SÍ go dtiocfadh na cláir chun cinn ar bhealach leordhóthanach, agus na dúshláin atá romhainn á gcur san áireamh, lena n-áirítear iad siúd a bhaineann leis an tslándáil, agus tús áite á thabhairt do chobhsaíocht agus d'iontaofacht an chórais;

23. LEAGANN SÍ BÉIM ar an ngá go ndéanfaí tuairisciú go rialta maidir le cur chun feidhme na gclár agus a gcuid treochtaí a athbhreithniú, i gcomhaontú leis na Ballstáit, nuair is iomchuí, d'fhonn dul in oiriúint don timpeallacht athraitheach agus do riachtanais shíorathraitheacha na n-úsáideoirí.